



lyit

Institiúid
Teicneolaíochta
Leitir Ceanainn

Letterkenny
Institute
of Technology

Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn

Tuarascáil Bhliantúil um Rialachas agus Ráitis Airgeadais

Don Bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2019

Clár

Cuid A – Tuarascáil Bhliantúil um Rialachas

	Leathanach
Tuarascáil Bhliantúil um Rialachas - clúdach	2
Tuarascáil Bhliantúil um Rialachas	3-8

Cuid B – Ráitis Airgeadais

	Leathanach
Ráitis Bhliantúla Airgeadais - clúdach	1
Ráiteas um Fhreagracht na hInstitiúide	2
Ráiteas um Rialú Inmheánach	3-6
Ráiteas an Iniúcháir Sheachtraigh	7-8
Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach	9
Ráiteas um Athruithe ar Chúlchistí agus Cuntas Caipitil	10
Ráiteas ar Staid an Airgeadais	11
Ráiteas um Shreabhadh Airgid	12
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	13-31



lyit

Institiúid
Teicneolaíochta
Leitir Ceanainn

Letterkenny
Institute
of Technology

CUID A - TUARASCÁIL BHLIANTÚIL um RIALACHAS



lyit

Institiúid
Teicneolaíochta
Leitir Ceanainn

Letterkenny
Institute
of Technology

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL um RIALACHAS 2018/19

Tá áthas orainn an Tuarascáil Bhliantúil um Rialachas le haghaidh Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn (“LYIT”) a sholáthar.

I mí Lúnasa 2016 foilsíodh Cód nua Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a tháinig i bhfeidhm ó 1 Meán Fómhair 2016. I mí Eanáir 2018 foilsíodh Cód Rialachais le haghaidh Institiúidí Teicneolaíochta Éireann faoi réir ag riachtanais nua an Chóid Stáit; rinne an tÚdarás um Ard-Oideachais uasdátú air i mí an Mheithimh 2019. Ghlac an Institiúid le Cód Rialachais 2019 (dá ngairmtear an Cód Rialachais) ag cruinniú den Bhord Rialaithe i mí Mheán Fómhair 2019.

1. An Bord Rialaithe

Is faoi réir na nAchtanna um Cheárdcholáistí Réigiúnacha 1992 agus 1994 a cheaptar an Bord Rialaithe.

Tá an Bord Rialaithe comhfhreagrach as ceannasaíocht agus stiúradh imeachtaí na hInstitiúide; comhlionann sé feidhmeanna lárnacha ar a n-áirítear: athbhreithniú ar threorú straitéiseach agus ar mhórfhleananna gníomhaíochta, polasaithe agus nósanna imeachta um bainistiú priacail, buiséid agus pleananna gnó bliantúla; cuspóirí feidhmíochta a leagadh síos, monatóireacht feidhmíochta agus forbhreithniú ar mhórchinntí um chaiteachas caipitiúil agus infheistíochta faoi réir ag Alt 4.7 den Chód Rialachais.

Tá an Bord Rialaithe freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais a ullmhú agus as a bhreathnú go dtugann na ráitis airgeadais léargas atá fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais na hInstitiúide agus ar a staid airgeadais ag deireadh na bliana faoi réir ag Alt 1.18 den Chód Rialachais. Gníomhaíonn an Bord Rialaithe ar bhonn láneolais atá eiticíúil, de mheon macánta, faoi dhíograis agus faoi chúram cuí agus chun críche is fearr na hInstitiúide, agus aird chuí ag an mBord Rialaithe ar a fhreagrachtaí dlíthiúla agus ar na cuspóirí atá leagtha síos ag an Rialtas.

2. Comhaltaí an Bhoird Rialaithe

Fintan Moloney (Cathaoirleach)

Paul Hannigan (Uachtarán)

Pat Campbell

Joan Crawford

Siobhan Cullen

Siobhan Howe

Seamus Hughes

Niamh Kennedy, Comhairleoir

Seamus Kilgannon, Comhairleoir

Paul Lynch

Philip Maguire

Michael McBride, Comhairleoir

Linda McGlinchey

Anne McHugh

Bernie Mulhern (Leas-Chathaoirleach)

Grainne O'Brien

Paddy O'Rourke, Comhairleoir

Meadhb Seoighe

Marie Slevin

**lyit**

Institiúid
Teicneolaíochta
Leitir Ceanainn

Letterkenny
Institute
of Technology

3. Taifead Tinrimh an Bhoird Rialaithe

Bhí ocht gcrúinniú den Bhoird Rialaithe le linn na bliana dar críoch 31 Lúnasa 2019; léirítear thíos taifead tinrimh na gcomhaltaí.

X- I LÁTHAIR - LEITHSCÉALTA

Comhalta	12/9/18	8/11/18	13/12/18	7/2/19	21/3/19	9/5/19	20/6/19	18/7/19
Fintan Moloney	X	X	X	X	X	X	X	X
Paul Hannigan	X	X	X	X	X	X	X	X
Pat Campbell	X	X	X	X	X	X	X	-
Joan Crawford	-	-	X	X	-	X	X	X
Siobhan Cullen	-	X	X	-	-	X	X	-
Siobhan Howe	-	-	X	X	-	X	X	X
Seamus Hughes	X	X	X	X	X	X	X	-
Niamh Kennedy	X	X	X	-	X	-	X	-
Seamus Kilgannon	-	X	X	X	X	-	X	X
Paul Lynch	-	X	X	X	-	X	X	X
Philip Maguire	X	X	-	-	-	-	-	X
Michael McBride	-	-	X	-	X	X	X	X
Linda McGlinchey	X	X	X	X	X	X	X	X
Anne McHugh	X	X	-	X	-	-	X	-
Bernie Mulhern	X	-	X	X	-	X	-	-
Grainne O'Brien	X	X	X	X	X	-	X	X
Paddy O'Rourke	X	X	-	X	X	-	X	X
Meadhb Seoighe	X	-	-	X	-	X	X	-
Marie Slevin	-	X	-	X	-	-	X	X

4. Comhaltaí an Bhoird Rialaithe – Táillí agus Costais

Íoctar táillí agus/nó costais le comhaltaí an Bhoird Rialaithe de réir na dtreoirínte ón Roinn Airgeadais. Dearbhaíonn LYIT nach bhfaigheann comhaltaí an Bhoird Rialaithe táillí as comhaltacht an Bhoird Rialaithe. Féadfaidh comhaltaí an Bhoird Rialaithe costais a fháil as freastal ar chruinnithe an Bhoird Rialaithe agus féadfaidh siad táillí agus costais a fháil as bheith páirteach ar Bhoird Agallaimh. Íoctar táillí agus costais uile dá



lyit

Institiúid
Teicneolaíochta
Leitir Ceanainn

Letterkenny
Institute
of Technology

leithéid de réir na dtreoirlínte atá eisithe ag an Roinn Airgeadais agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Sonraítear anseo thíos costais agus táillí agallaimh a íocaídh le comhaltaí an Bhoird Rialaithe sa bhliain acadúil 2018/19.

Comhalta	Costais	Táillí Agallaimh	Iomlán Íochta
Patrick Campbell	68		68
Linda McGlinchey	176		176
Bernie Mulhern	651	3,450	4,101
Paddy O'Rourke	702		702
Seamus Kilgannon	391	1,200	1,591
Philip Maguire	1,253	300	1,553
Niamh Kennedy	137	600	737
Iomlán	3,378	5,550	8,928

5. Measúnú ar Fheidhmíocht Rialaithe

Le linn 2019 rinne an Bord Rialaithe athbhreithniú seachtrach ar oibriú an Bhoird Rialaithe a choimisiúnú ó Mazars. Tugadh tuarascáil don Bhord Rialaithe ag cruinniú mhí na Bealtaine 2019. Tharla athbhreithniú inmheánach den Bhord Rialaithe ag deireadh 2019/tús 2020; tá tuarascáil críochnaithe. Déanfar athbhreithniú inmheánach eile ag deireadh 2020/tús 2021. Déanfar athbhreithniú seachtrach eile ag deireadh téarma an Bhoird Rialaithe in 2021.

6. Feidhmíocht agus Buiséid Bhliantúla

Faoi réir ag Alt 1.17 de Chód Rialaithe 2019 an UAO rinne an Bord Rialaithe faomhadh ar na Cláir agus Buiséid Bhliantúla agus déantar measúnú foirmiúil ar a bhfeidhmíocht. Déanann an Bord Rialaithe measúnú feidhmíochta ar bhonn bliantúil i bhfianaise an chláir agus/nó an bhuiséid. Tugtar tuairiscí rialta chuig an Bhord Rialaithe a léiríonn feidhmíocht airgeadais i bhfianaise na mbuiséad.

7. Bainistiú Priacail

Tá ról lárnach ag an mBord Rialaithe maidir le forbheithniú ar bhainistiú priacail; bunaíodh Coiste Iniúchta agus Priacail chun dearcadh neamhspleách a sholáthar maidir le priacail agus córais um bainistiú priacail. Tá Bainistiú Priacail mar ábhar seasta ar chlár chruinnithe an Bhoird Rialaithe. Mhol an Bord Rialaithe don Aire Oideachais agus Scileanna go bhfuil sé riachtanach go mbeadh saineolas/taithí um bainistiú priacail ag comhalta amháin den Bhord Rialaithe ar a laghad. I mí Aibreáin 2019 fuarthas oiliúint sheachtrach ó PwC maidir le bainistiú priacail le haghaidh an Choiste Iniúchta agus Priacail.

I mí an Mheithimh 2019 faomhaigh an Bord Rialaithe Polasáí na hInstitiúide um Bainistiú Priacail faoi réir ag Cód Rialaithe 2018 an UAO; chuimsigh sé seo plan um ghoile priacail agus bainistiú priacail. Tá obair leanúnach ar bun ar fud na hInstitiúide maidir le cláir feidhme agus scoile a chur i gcrích. Is ar an mBord Feidhmiúcháin, seachas an Príomh-Oifigeach Priacail, atá freagracht um clár foriomlán priacail na hInstitiúide a chothabháil. Tá tuairiscíú díreach chuig an Coiste Iniúchta agus Priacail agus uaidh sin chuig an Bord Rialaithe. Déanann an



lyit

Institiúid
Teicneolaíochta
Leitir Ceanainn

Letterkenny
Institute
of Technology

Coiste Iniúchta agus Priacail agus an Bord Rialaithe athbhreithníú ar chláir priacail na hInstitiúide dhá uair sa bhliain.

Déanann an Coiste Iniúchta agus Priacail athbhreithníú ar thuariscí bainistíochta maidir le bainistiú priacail agus faomhtar/taifeadtar gníomhaíochtaí de réir mar is cuí; ar bhonn tráthúil iarrfar athbhreithníú seachtrach ar éifeachtúlacht an chreat um bainistiú priacail. De réir mar is cuí déanann an Coiste Iniúchta agus Priacail measúnú ar phríomhphriacail na hInstitiúide, cur síos orthu san áireamh, agus ar na straitéisí agus bearta maolaithe a bhaineann leo.

8. An Cód Caiteachais Phoiblí

Dearbhaíonn an Cathaoirleach ar Bhord Rialaithe na hInstitiúide go gcomhlíonann Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn leis na gnéithe bainteacha den Chód Caiteachais Phoiblí agus go bhfuil córais agus nósanna imeachta láidre agus éifeachtacha ar bun ag an mBord Rialaithe in Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn chun a chinntiú go gcomhlíontar na príonsabail, riachtanais agus treoirlínte bainteacha den Chód Caiteachais Phoiblí.

9. Ráiteas um Rialú Inmheánach

Déanfaidh an Coiste Iniúchta agus Priacail agus an Bord Rialaithe athbhreithníú ar an gCóras um Rialú Inmheánach chun a chinntiú go léiríonn sé go cruinn an córas rialaithe i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe.

Mar chuid den iniúchadh seachtrach a dhéantar ag agus/nó thar ceann an Ard-Reachtair Cuntas & Ciste, déanann Iniúcháirí Seachtracha na hInstitiúide athbhreithníú ar an Ráiteas um Rialú Inmheánach.

Ghlac an Bord Rialaithe na bearta seo a leanas chun timpeallacht chúil rialaithe a chinntiú:

- Sainmhíniú agus doiciméadú soiléir ar fhreagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta.
- Próisis a bhunú chun priacail a aithint agus a n-impleachtaí airgeadais a mheasúnú.
- Coiste Iniúchta agus Priacail a bhunú faoi théarmaí tagartha atá soiléir.
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú trí choistí feidhmithe éagsúla um monatóireacht ar imeachtaí agus sócmhainní na heagraíochta a chaomhnú.
- Cultúr láidir freagrachta a fhorbairt ar fud na heagraíochta.

Glacann an Bord Feidhmiúcháin bearta chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht chúil rialaithe ar bun.

- Déanann gach bainisteoir freagrach athbhreithníú bliantúil ar an gCreat um Rialú Inmheánach agus cuireann sé/sí a (h)ainm leis sin. Breathnaíonn an Coiste Iniúchta agus Priacail an doiciméad seo agus déantar aon laigí rialaithe a leasú.
- Breathnaíonn an Bord Feidhmiúcháin gach Tuairisc ar Iniúchadh Inmheánach agus déantar monatóireacht ar fheidhmiú na moltaí ó na hiniúcháirí inmheánacha.



lyit

Institiúid
Teicneolaíochta
Leitir Ceanainn

Letterkenny
Institute
of Technology

10. Athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach

Tríd an struchtúr agus tuairisciú um Iniúchadh Inmheánach, rinne an Coiste Iniúchta agus Priacail athbhreithniú agus tuairisciú ar na rialaithe inmheánacha san Institiúid; deimhnítear go bhfuil timpeallacht chuí rialaithe ar bun san Institiúid. Tugtar an deimhniú anseo thíos:

- Ar 19 Meán Fómhair 2019 thuairiscigh an Coiste Iniúchta agus Priacail chuig an Bord Rialaithe ar imeachtaí an Choiste don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2019.
- Ar 20 Feabhra 2020 rinne an Bord Rialaithe athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2019.

11. Príomhchórais faisnéise atá ar bun.

Tá an córas um rialú inmheánach bunaithe ar chreat a chuimsíonn faisnéis rialta bainistíochta, nósanna imeachta riaracháin a chuimsíonn idirdheighilt dualgas agus córas um tharmligean agus freagrachta. Cuimsíonn sé ach go háirithe:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil, um bainistiú agus rialú ar an leithdháileadh bliantúil a dheonaíonn an tÚdarás um Ard-Oideachas maraon le caiteachas agus ioncam eile; athbhreithníonn agus faomhann an Bord Rialaithe an buiséad seo, faoi tharmligean de réir mar is cuí. .
- Córais Faisnéise Bainistíochta maidir le Bainistiú Airgeadais, Taifid agus Bainistiú Daonacmhainne, Córais Faisnéise Leabharlainne, Taifid Mac Léinn, Riarachán Acadúil agus Faisnéis Amchláraithe.
- Córas Bainistíochta Priacail le tuairisciú agus athbhreithniú rialta.
- Athbhreithniú rialta ag an mBord Rialaithe ar thuarascála tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais.
- Comhairle Acadúil, a thuairiscíonn chuig an Bord Rialaithe.
- Creat um Cháilíocht Acadúil ina bhfuil próisis acadúla agus cáilíochta atá soiléir chomh maith le treoirlínte rialaithe.
- Treoirlínte um infheistíocht chaipitiúil atá sainithe go soiléir.
- Tá Creat um Rialú Inmheánach tugtha chun cinn.
- De réir na mbearta thuas, tá réimse Córas Faisnéise Bainistíochta i bhfeidhm ag an Institiúid maidir le Bainistiú Airgeadais, Taifid agus Bainistiú Daonacmhainne, Córais Faisnéise Leabharlainne, Taifid Mac Léinn, Riarachán Acadúil agus Faisnéis Amchláraithe.

12. Príomhphriacail Gnó

Tá monatóireacht ar bun ag LYIT maidir le tionchar COVID19 ar an ngnó.

Tá réimse gníomhaíochtaí ar bun ag LYIT chun priacail eile gnó a mhaolú, ar a n-áirítear polasaithe agus nósanna imeachta i scríbhinn a éilíonn údarú cóir ar idirbhearta agus idirdheighilt dóthaineach dualgas, a chuimsíonn na nósanna imeachta lárnacha seo a leanas um rialú:

- Nósanna imeachta agus rialacháin airgeadais atá doiciméadaithe, i bhfeidhm agus suas chun dáta.
- Treoirlínte um rialú ar infheistíocht chaipitiúil atá sainithe go soiléir.
- Rialaithe agus seiceálacha foirmiúla bainistíochta a chuimsíonn idirdheighilt dualgas agus seiceáil samplach ar shonraisc agus íocaíochtaí.



lyit

Institiúid
Teicneolaíochta
Leitir Ceanainn

Letterkenny
Institute
of Technology

- Nósanna imeachta soláthair atá fógartha don bhfoireann ar fad.
- Polasaí Calaoise.
- Nósanna imeachta um dhiúscairt sócmhainní atá fógartha don bhfoireann ar fad.
- Próisis um chomhlíonadh le Treoirínte faoi Luach ar Airgead a Fháil i gCaiteachas Poiblí.
- Nósanna imeachta agus córais um chomhlíonadh le dlíthe bainteacha cánachais.

13. Monatóireacht ar Éifeachtúlacht an Chórais um Rialú Inmheánach

Is iad seo a leanas atá mar bhonn eolais le monatóireacht agus athbhreithniú ag an mBord Rialaithe ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach: obair na n-íniúcháirí inmheánacha; an Coiste Iniúchta agus Priacail, a stiúran na hIniúcháirí Inmheánacha; an Bord Feidhmiúcháin, ar a bhfuil freagracht maidir leis an gCreat Rialaithe Airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil; agus tráchta ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste trí litreacha bainistíochta agus tuarascálacha eile.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh seachfhoinsithe ag an Institiúid, a fheidhmíonn faoi réir ag an gCód Rialaithe. Mar bhonn eolais leis an obair iniúchta inmheánaigh, tá anailís ar na priacail atá os cóir na hInstitiúide; bunaítear na pleananna bliantúla um iniúchadh inmheánach ar an anailís seo. Faomhann an Coiste Iniúchta agus Priacail an anailís priacail agus na pleananna um iniúchadh inmheánach. Tuairiscíonn na hIniúcháirí Inmheánacha go rialta chuig an Coiste Iniúchta agus Priacail. Léiríonn na tuairiscí seo aon easnaimh nó laigí sa chóras um rialú inmheánach agus moltar bearta leasaithe de réir mar is gá. Fuair an Coiste Iniúchta agus Priacail tuairiscí rialta maidir le stádas ceisteanna a ardaíodh.

14. Laigí sa Chóras um Rialú Inmheánach

Le linn na tréimhse níor léiríodh aon laigí suntasacha rialaithe gur gá tuairisc a thabhairt orthu. Rinne an Bord Rialaithe agus an Coiste Iniúchta agus Priacail athbhreithniú le linn na tréimhse ar dhá chinneadh Grád 1 a léiríodh roimh an tréimhse - “moill ar imréitigh bainc” agus “iniúchta seomra” – agus ar na bearta leasaithe chun iad seo a réiteach.

Sínithe thar ceann an Bhoird Rialaithe:

Fintan Moloney

Fintan Moloney

Cathaoirleach an Bhoird Rialaithe

4 Nollaig 2020

Dáta

Paul Hannigan

Paul Hannigan

Uachtarán LYIT

4 Nollaig 2020

Dáta



lyit

Institiúid
Teicneolaíochta
Leitir Ceanainn

Letterkenny
Institute
of Technology

CUID B - RÁITIS BHLIANTÚLA AIRGEADAIS

Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn

Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2019



lyit

Institiúid
Teicneolaíochta
Leitir Ceanainn

Letterkenny
Institute
of Technology

Faoi na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006 éilítear ar an Institiúid Ráitis Airgeadais a ullmhú sa bhfoirm sin atá faofa ag an Údarás um Ard-Oideachas agus iad a chur faoi bhráid um a bhfaomhadh ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. In ullmhú na Ráiteas Airgeadais seo, éilítear ar an Institiúid:

- Polasaithe oiriúnacha cuntasáíochta a roghnú agus iad a fheidhmiú go comhsheasmhach.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama.
- Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin sa chás a bhfuil sé neamhfhoiristeanach a thiomhdiú go leanfaidh an Institiúid ag oibriú.
- Imeacht ábhartha ar bith ó chaighdeán bhainteacha cuntasáíochta a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Institiúid freagrach as taifid cuntasáíochta leormhaithe a choinneáil a nochtann am ar bith staid airgeadais na hInstitiúide le cruinneas réasúnta agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006.

Tá an Institiúid freagrach freisin as a sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a ghlacadh um chalaouis agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Cathaoirleach:

Fintan Moloney

Fintan Moloney Uas.

Uachtarán:

Paul Hannigan

Paul Hannigan Uas.

Dáta:

4 Nollaig 2020



lyit

Institiúid
Teicneolaíochta
Leitir Ceanainn

Letterkenny
Institute
of Technology

Letterkenny Institute of Technology

Freagracht as an gCóras um Rialú Inmheánach

Aithníonn Bord Rialaithe Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn a fhreagracht um a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach um rialú inmheánach á chothabháil agus á oibriú, bunaithe ar Chód Rialaithe an UAO le haghaidh Institiúidí Teicneolaíochta a foilsíodh i mí Eanáir 2018, i bhfeidhm ó 1 Eanáir 2018, agus ar an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a foilsíodh i mí Lúnasa 2016, i bhfeidhm ó mhí Mheán Fómhair 2016. Cuimsíonn an córas um rialú inmheánach na próisis sin a úsáidtear chun na priacail suntasacha atá os comhair Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn i mbun a gnó a aithint, a mheasúnú, a chur in ord tosaíochta agus a bhainistiú. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta nach dearbhú iomlán é a sholáthar go bhfuil sócmhainní á gcosaint, idirbhearta á n-údarú agus á dtaifead go cuí, agus go bhfuil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha á gcosc nó á mbrath ar bhonn tráthúil.

Príomh-Chleachtais Rialaithe

Tá bearta i bhfeidhm ag an mBord Rialaithe um thimpeallacht cuí rialaithe a chinntiú, ar a n-áirítear iad seo a leanas:

- Tá cleachtais agus rialacháin doiciméadaithe, i bhfeidhm agus suas chun dáta. Tá próiseas leanúnach ar bun ag an Institiúid chun cleachtais reatha a uasdhátú agus chun polasaithe agus cleachtais nua a thabhairt isteach de réir mar is cuí.
- Déanann an Bord Rialaithe athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla, ar a n-áirítear feidhmíocht airgeadais de réir na mbuiséad. Le blianta beaga anuas tá feabhas tagtha ar ullmhú na ndrúacht-chuntaisí reachtúla maidir le tráthúlacht.
- Tá Coiste Iniúchta agus Priacail ag feidhmiú le téarmaí tagartha atá soiléir, ag plé le ceisteanna suntasacha rialaithe agus ag glacadh le tuarascálacha na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha.
- Tá treoirlínte in áit, atá sainithe go soiléir, um infheistíocht caipitil a rialú.
- Próisis a bhunú chun priacail a aithint agus a n-impleachtaí airgeadais a mheasúnú.
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú trí choistí feidhmithe éagsúla um monatóireacht ar imeachtaí agus sócmhainní na heagraíochta a chaomhnú.
- Cultúr láidir freagrachta a fhorbairt ar fud na heagraíochta.

Glacann an Bord Feidhmiúcháin bearta chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht chúí rialaithe ar bun.

- Déanann gach bainisteoir freagrach athbhreithniú bliantúil ar an gCreat um Rialú Inmheánach agus cuireann sé/sí a (h)ainm leis sin. Breathnaíonn an Coiste Iniúchta agus Priacail an doiciméad seo agus déantar aon laigí rialaithe a leasú.
- Breathnaíonn an Bord Feidhmiúcháin gach Tuairisc ar Iniúchadh Inmheánach agus déantar monatóireacht ar fheidhmiú na moltaí ó na hiniúcháirí inmheánacha.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh seachfhoinsithe ag Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn; oibríonn an fheidhm sin de réir an Chóid Cleachtais chun Institiúidí Teicneolaíochta Éireann a Rialú. Ins na pleananna bliantúla um iniúchadh inmheánach tugtar aird ar réimsí dóchúlacha priacail mar atá aitheanta ag an mbainistíocht agus ag an gCoiste Iniúchta agus Priacail. I mí Mheán Fómhair 2017 thug an Coiste Iniúchta agus Priacail faomhadh don Phlean um Iniúchadh



lyit

Institiúid
Teicneolaíochta
Leitir Ceanainn

Letterkenny
Institute
of Technology

Letterkenny Institute of Technology

Inmheánach 2018-2020. I mí na Samhna 2018 thug an Coiste Iniúchta agus Priacail faomhadh don Phlean um Iniúchadh Inmheánach 2018-2019.

Bainistiú Priacail

Tá ról lárnach ag an mBord Rialaithe maidir le forbhreithniú ar bhainistiú priacail; bunaíodh Coiste Iniúchta agus Priacail chun dearcadh neamhspleách a sholáthar maidir le priacail agus córais um bainistiú priacail. Tá Bainistiú Priacail mar ábhar seasta ar chlár chruinnithe an Bhoird Rialaithe. Mhol an Bord Rialaithe don Aire Oideachais agus Scileanna go bhfuil sé riachtanach go mbeadh saineolas/taithí um bainistiú priacail ag comhalta amháin den Bhord Rialaithe ar a laghad. In 2019 fuarthas oiliúint sheachtrach ó PwC maidir le bainistiú priacail le haghaidh an Choiste Iniúchta agus Priacail. Tá tuairisciú díreach chuig an Coiste Iniúchta agus Priacail agus uaidh sin chuig an Bord Rialaithe. I mí an Mheithimh 2019 faomhaigh an Bord Rialaithe Polasaí na hInstitiúide um Bainistiú Priacail faoi réir ag Cód Rialaithe 2018 an UAO. Is ar an mBord Feidhmiúcháin atá comhfhreagracht um chlár foriomlán priacail na hInstitiúide a chothabháil agus déanann an Coiste Iniúchta agus Priacail agus an Bord Rialaithe athbhreithniú ar chlár priacail na hInstitiúide dhá uair sa bhliain. Tá obair leanúnach ar bun ar fud na hInstitiúide maidir le clár feidhme agus scoile a chur i gcrích agus tá gach comhalta ben Bhord Feidhmiúcháin freagrach as a réimse freagrachta féin. Déanann an Coiste Iniúchta agus Priacail athbhreithniú ar thuairisciú bainistíochta maidir le bainistiú priacail agus faomhtar gníomhaíochtaí de reir mar is cuí; ar bhonn tréimhsiúil iarrtar athbhreithniú seachtrach ar an gcreat um bainistiú priacail de reir mar is cuí. Déanann an Coiste Iniúchta agus Priacail measúnú ar phríomhphriacail na hInstitiúide, cur síos ar na priacail sin san áireamh mar is cuí, agus bearta nó straitéisí maolaithe bainteacha.

Soláthar

Tá an Institiúid ag tabhairt aghaidh ar neamh-chomhlíonadh soláthair sa chás go raibh an caiteachas cnuasta le soláthraí aonair níos mó ná €25,000 in aghaidh na bliana. Bhí luach €187,136 ar sholáthar neamh-chomhlíontach le linn na tréimhse atá i gceist; bhain €68,768 le soláthartaí bia sa Scoil Turasoíreachta agus réitíodh é seo trí chonradh náisiúnta a críochnaíodh i mí Mheán Fómhair 2019. Bhain na neamh-chomhlíonta eile leis an Scoil Eolaíochta (oiliúint (€25,955), an Roinn TF (€32,492) agus gníomhaireachtaí taistil (€59,921); táthar á réiteach seo le linn 2019/20. Ní raibh aon sáráithe eile rialaithe.

Cailteanais nó Calaois Ábhartha

Ní raibh aon chailteanais ná calaois ábhartha ag an Institiúid.

Laigí sa Chóras um Rialú Inmheánach

Le linn na tréimhse níor léiríodh aon laigí suntasacha rialaithe gur gá tuairisc a thabhairt orthu. Ní raibh aon laigí sa rialú inmheánach ba chúis le cailteanais ábhartha, teagmhais ná éiginnteachtaí ba ghá a nochtadh ins na ráitis airgeadais ná i dtuarascáil an iniúcháir ar na ráitis airgeadais. Rinne an Bord Rialaithe agus an Coiste Iniúchta agus Priacail athbhreithniú le linn na tréimhse ar dhá chinneadh Grád 1 a léiríodh roimh an tréimhse - “moill ar imreígh bainc” agus “iniúchta seomra” – agus ar na bearta leasaithe chun iad seo a réiteach.



lyit

Institiúid
Teicneolaíochta
Leitir Ceanainn

Letterkenny
Institute
of Technology

Letterkenny Institute of Technology

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialaithe

Is iad seo a leanas atá mar bhonn eolais leis an athbhreithniú ag an mBord Rialaithe ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach:

- Oifigigh shinsireacha san Institiúid, ar a bhfuil freagracht maidir le creat um rialú inmheánach a fhorbairt agus a chothabháil.
 - Tá próisis agus nósanna imeachta oibre ar fud na hInstitiúide ceaptha chun idirdheighilt dualgas atá leordhóthaineach agus cuí a chinntiú.
 - Déanann an Bord Feidhmiúcháin athbhreithniú ar fheidhmíocht airgeadais na hInstitiúide le linn na bliana, comparáidí leis an mbuiséad san áireamh.
- An Coiste Iniúchta agus Priacail, a chuidíonn leis an mBord Rialaithe maidir le freagrachtaí maoirseachta.
 - Stiúrann an Coiste Iniúchta agus Priacail obair na nIniúcháirí Inmheánacha; bíonn cruinniú acu leo, uair sa bhliain ar a laghad, chun pleananna agus imeachtaí a athbhreithniú.
 - Tuairiscítear chuig an Bord Rialaithe ar imeachtaí an Choiste Iniúchta agus Priacail agus ar aon cheisteanna inní.
 - I mí Mheán Fómhair 2019 leagadh Tuarascáil Bhliantúil an Choiste Iniúchta agus Priacail don bhliain dar críoch 31 Lúnasas 2019 faoi bhráid an Bhoird Rialaithe.
 - Le linn 2018 faomhaigh an Coiste Iniúchta agus Priacail Creat LYIT um Rialú Inmheánach; déantar athbhreithniú ar an doiciméad ar bhonn rialta agus déantar uasdhátú foirmiúil air le linn 2020.
- Iniúcháirí Inmheánacha na hInstitiúide.
 - Breathnaíonn an Plean Iniúchta Inmheánaigh priacail agus réimsí um athbhreithniú.
 - Déanann na hIniúcháirí Inmheánacha a gcuid oibre de réir an Phlean Iniúchta Inmheánaigh. Sa chás go mbaineann an obair le córas na hInstitiúide um rialú inmheánach, tugann na hIniúcháirí Inmheánacha tuairiscí a thugann deimhniú neamhspleách maidir le leordhóthaineacht agus éifeachtúlacht chóras na hInstitiúide um rialú inmheánach, chomh maith le moltaí chun feabhais. Déantar na tuairiscí seo chuig Coiste Iniúchta agus Priacail na hInstitiúide, a thuairiscíonn díreach chuig an Bord Rialaithe.
- Na tráchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ina Thuarascáil ar an Iniúchadh chuig an Coiste Iniúchta agus Priacail, litreacha bainistíochta agus tuarascálacha eile.

Athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach

Dearbhaímid gur rinne an Bord Rialaithe athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2019 i mí Feabhra 2020.



lyit

Institiúid
Teicneolaíochta
Leitir Ceanainn

Letterkenny
Institute
of Technology

Letterkenny Institute of Technology

Imeachtaí ar bun

- Bhí easnaimh oibríochta ag an Institiúid gach bliain ón bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2011 go dtí an bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2016. Tá an Institiúid i mbun comhairliúcháin ar bhonn leanúnach leis an Údarás um Ard-Oideachas maidir leis an staid airgeadais, ag díriú ach go háirithe ar na dúshláin airgeadais a bhaineann leis an Scoil Turasóireachta, Na Cealla Beaga. Bhí barrachas oibríochta ag an Institiúid ins na blianta dar críoch 31 Lúnasa 2017, 2018 agus 2019, ag éirí go príomha as maoiniú breise ón UAO agus méadú ar líon na mac léinn i gcomparáid le 2016.
- I mí an Mheithimh 2019, rinne an Bord Rialaithe faomhadh ar Pholasáí na hInstitiúide um Bainistiú Priacail. Le linn 2019 rinneadh uasdhatú air de réir Chód Rialaithe an UAO le haghaidh Institiúidí Teicneolaíochta. Tá obair leanúnach ar bun maidir le cláir priacail a fhorbairt ins na réimsí feidhme agus Scoileanna.
- Tá an Institiúid ag obair um chomhlíonadh iomlán le rialacha agus treoirlínte soláthair mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.
- Mar fhreagra ar an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú d'fhoilsigh an UAO Cód athchóirithe Rialachais le haghaidh Institiúidí Teicneolaíochta, atá i bhfeidhm ó 1 Eanáir 2018; ghlac Bord Rialaithe Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn leis an gCód seo ar 5 Aibreán 2018. Tá an Cód seo i bhfeidhm ar fud LYIT. Éilíonn an Cód nochtuithe breise maidir le ceisteanna áirithe agus rinneadh na nochtuithe seo mar seo a leanas:

Nochtadh Éilithe	Tagairt
Nósanna imeachta rialacais, Bord Rialaithe agus Coistí	Tuarascáil Bhliantúil um Rialachas
Bord Rialaithe – Táill agus tinreamh	Tuarascáil Bhliantúil um Rialachas
Bord Rialaithe – freagracht as ráitis airgeadais agus measúnú feidhmíochta	Tuarascáil Bhliantúil um Rialachas
Deimhniú go bhfuil an Institiúid ag cloí leis an gCód Caiteachais Phoiblí	Tuarascáil Bhliantúil um Rialachas
Luach saothair	Ráitis Airgeadais – nóta 9
Costais agus socruithe dlíthiúla, Comhairleacht	Ráitis Airgeadais – nóta 11, 11. (b)
Taisteal & Cothú, Fáilteachas	Ráitis Airgeadais – nóta 11, 11. (b)

Fintan Moloney

4 Nollaig 2020

Fintan Moloney Uas.

Cathaoirleach

Dáta

Paul Hannigan

4 Nollaig 2020

Paul Hannigan Uas.

Uachtarán

Dáta



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Comptroller and Auditor General

Tuarascáil um a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn

Tuairim faoi na Ráitis Airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2019 mar a éilítear faoi fhorálacha na nAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006. Cuimsíonn na ráitis airgeadais

- an ráiteas um ioncam cuimsitheach
- an ráiteas um athruithe ar chúlchistí agus cuntas caipitil
- an ráiteas ar staid an airgeadais
- an ráiteas um shreabhadh airgid agus
- na nótaí gaolmhara, ar a n-áirítear achoimre ar pholasaithe suntasacha cuntasáíochta.

Is é mo thuairim, go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorchearn agus cothrom maidir le sócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na hInstitiúide amhail 31 Lúnasa 2019 agus maidir leis an ioncam agus caiteachas don bhliain dar críoch ar an dáta sin de réir Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

Bonn leis an dtuairim

Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchadh (ISA) mar atá fógartha ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Ard-Institiúidí Iniúchta. Tugtar cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin in aguisín leis an dtuarascáil seo. Táimse neamhspleách ar an Institiúid agus tá mo chuid freagrachtaí eitiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte agam leordhóthaineach agus cuí mar bhonn le mo thuairim.

Tá faisnéis áirithe eile curtha ar fáil ag an Institiúid chomh maith leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear anseo an ráiteas um fhreagracht na hInstitiúide agus an ráiteas um rialú inmheánach.

Ins an aguisín leis an dtuarascáil seo, tá cur síos ar na freagrachtaí agamsa um thuairisciú maidir le faisnéis dá leithéid, agus maidir le cúrsaí áirithe eile ar a ndéanaim tuairisciú faoi eisceachtaí.

Níl tada le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin.

Andrew Harkness

**Ar son agus thar ceann an
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

11 Nollaig 2020



Freagrachtaí ar chomhaltaí an Bhoird Rialaithe

Tá na comhaltaí freagrach as

- na ráitis airgeadais a ullmhú sa chaoi atá forordaithe faoi réir ag na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 to 2006
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart agus cothrom de réir FRS102
- rialtacht idirbhearta a chinntiú
- measúnú a dhéanamh an bhfuil sé cuí bonn cuntasáíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid, agus
- pé rialú inmheánach agus a chinneann siad a bheith riachtanach chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, bíodh sé sin de dheasca calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi réir ag na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 to 2006 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais na hInstitiúide agus tuairisciú orthusan chuig Tithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus mé i mbun an iniúchta ná dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ar an iomlán saor ó mhíríteas ábhartha mar gheall ar chalaos nó earráid. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní hionann san agus ráthaíocht go n-aimseofar i gcónaí míráiteas ábhartha más ann dó nuair a dhéantar iniúchadh de réir ISA. Féadfaidh míráitis a éirí ó chalaos nó ó earráid agus meastar ábhartha iad sa chás, iontu féin nó ar an iomlán, gur dóichí go réasúnta go n-imreoidís tionchar ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Le linn iniúchta de réir ISA, bainim feidhm as breithiúnas gairmiúil agus bím ag cleachtadh sceipteachas gairmiúil ar fud an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh,

- Aithním agus measúnaím priacail maidir le míráiteas ábhartha ins na ráitis airgeadais mar gheall ar chalaos nó earráid; ceapaim agus cuirim i bhfeidhm cleachtais iniúchta chun na priacail sin a fhreagairt; agus faighim fianaise iniúchta atá leordhóthaineach agus cuí mar bhonn le mo thuairim. Is mó an priacal nach n-aimseofar míráiteas ábhartha mar gheall ar chalaos seachas ceann mar gheall ar earráid, óir is féidir go gcuimseoidh calaois claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aonghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach bainteach leis an iniúchadh chun cleachtais iniúchta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí, ach nach feidhm dóibh tuairim a thabhairt ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.

- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na gcleachtas cuntasáíochta atá in úsáid agus ar réasúntacht na meastachán cuntasáíochta agus na nochtuithe bainteacha.

Déanaim measúnú an bhfuil sé cuí bonn cuntasáíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fhaightear, an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó cúinsí a fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na hInstitiúide leanacht ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Sa chás go measaim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt san tuarascáil uaim ar na nochtuithe bainteacha ins na ráitis airgeadais nó, más easnamhach iad na nochtuithe sin, athrú a dhéanamh ar mo thuairim. Tá mo thuairim bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas chuig dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh, ámh, go mbeadh imeachtaí nó cúinsí amach anseo mar chúis nach leanfadh an Institiúid mar ghnóthas leantach.

- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais ar an iomlán, na nochtuithe san áireamh, agus cibé a léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar bhealach a thugann taispeánadh cothrom.

Déanaim teagmháil leo siúd atá freagrach as rialachas maidir le scoip agus tráthúlacht phleanáilte an iniúchta, imeasc nithe eile, ar a n-áirítear easnamh shuntasacha ar bith a thagann chun solais le linn an iniúchta agam.

Faisnéis seachas na Ráitis Airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair i dteannta leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon chonclúid dearbhaithe orthu san.

Maidir leis an iniúchadh agam ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi ISA an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh; agus é sin á dhéanamh, éilítear orm a bhreathnú an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir ábhartha leis na ráitis airgeadais nó le faisnéis a fuarthas le linn an iniúchta, nó an bhfuil míráiteas ábhartha ann ar bhealach ar bith eile. Sa chás go measaim, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha ag baint leis an bhfaisnéis eile seo, éilítear orm é sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar chúrsaí eile

Déanaim an iniúchadh i bhfianaise na gnéithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí a fhagheann maoiniú substaintiúil ón Stát maidir lena mbainistiú agus a n-oibriú. Tuairiscím sa chás go n-aithním cúrsaí ábhartha a bhaineann leis an mbealach inar stiúradh gnó poiblí.

Féachaim um fhianaise a fháil maidir le rialtacht idirbhearta airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má aithním cás ar bith nár cuireadh airgead an phobail chun na críche a ceapadh dó nó sa chás nach raibh idirbhearta ag comhlíonadh na n-údarás a bhí dá rialú. Tuairiscím freisin de réir eisceachta sa chás, i mo thuairim,

- nach bhfuairéas an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a bhí á n-éileamh agam le haghaidh an iniúchta, nó
- nach raibh na taifid cuntasáíochta leordhóthaineach chun iniúchadh réidh agus cuí a dhéanamh orthu, nó
- nach bhfuil na taifid cuntasáíochta ag réiteach leis na ráitis airgeadais.

**Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**
Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach
Bliain dar críoch 31 Lúnasa 2019

	Nó ta	31/08/19 €000's	31/08/18 €000's
Ioncam			
Deontais Stáit	3	16,484	15,799
Táillí Teagaisc & Ranníocaíochtaí Mac Léinn	4	12,009	11,766
Deontais & Conarthaí Taighde	5	2,562	1,913
Maoiniú um Thacú Mac Léinn	7	656	425
Ioncam Eile	8	3,732	2,208
Gníomhaíochtaí Eile a Ghineann Ioncam	10	564	520
Amúchadh Deontas Caipitil Stáit Iarchurtha	18	2,138	2,163
Maoiniú Pinsin Iarchurtha	25	9,396	9,246
Ioncam Iomlán		47,541	44,040
Caiteachas			
Costais Foirne	9	25,726	24,667
Costas Sochair Scoir	25	9,396	9,246
Costais Eile Oibríochta	11	7,848	7,065
Dímheas	13	2,142	2,167
Caiteachas Iomlán		45,112	43,145
Barrachas Oibríochta			
(Caillteanais)/Gnóthachain ar oibeagáidí um shochar scoir	25	(16,265)	2,551
Laghdú ar dhliteanais phinsin ag éirí ó scoir sa bhliain	25	1,265	4,202
Athruithe ar Bhonn Tuisceana a bhunaíonn Luach Láithreach Oibleagáidí um Shochair Scoir	25	(25,213)	(246)
Gnóthachain Actúireacha Iomlána sa bhliain		(40,213)	6,507
Coigeartú ar Mhaoiniú Iarchurtha Sochair Scoir	25	40,213	(6,507)
Aistriú chuig Cúlchiste Forbartha Caipitil	19	(2,429)	(895)
Ioncam Cuimsitheach Iomlán		-	-

Cuimsíonn an Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach na gnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána don bhliain. Is cuid de na ráitis airgeadais iad Nótaí 1 – 26.

Sínithe thar ceann an Bhoird Rialaithe:*Fintan Moloney**4 Nollaig 2020***Cathaoirleach, Fintan Moloney Uas.****Dáta***Paul Hannigan**4 Nollaig 2020***Uachtarán, Paul Hannigan****Dáta**

**lyit****Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**
Letterkenny Institute of Technology**Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**
Ráiteas um Athruithe ar Chúlchistí agus Cuntas Caipitil
Bliain dar críoch 31 Lúnasa 2019

	Deontais Caipitil Stáit Iarchurtha €000's	Cúlchiste Forbartha Caipitil €000's	Cúlchistí Ioncaim €000's	Iomlán €000's
Iarmhéid amhail 31 Lúnasa 2017	71,201	1,659	2,292	75,152
Barrachas Oibríochta			895	895
Amúchadh Deontas Caipitil Stáit Iarchurtha	(2,163)			(2,163)
Deontas Stáit Leithdháilte um Chaipitil	443			443
Maoiniú um Thaca Mac Léinn	29			29
Leithdháilte um Chaipitil				
Deontais Chaipitil Eile				
Aistriú chuig Cúlchiste Forbartha Caipitil		895	(895)	
Iarmhéid amhail 31 Lúnasa 2018	69,510	2,554	2,292	74,356
Barrachas Oibríochta			2,429	2,429
Amúchadh Deontas Caipitil Stáit Iarchurtha	(2,138)			(2,138)
Deontas Stáit Leithdháilte um Chaipitil	678			678
Maoiniú um Thaca Mac Léinn	75			75
Leithdháilte um Chaipitil				
Leithdháilte ó Dheontais & Conarthaí Taighde	37			37
Deontais Chaipitil Eile	7			7
Leithdháilte ó Chúlchiste Forbartha Caipitil	34	(34)		
Diúscairtí	(92)			(92)
Aistriú chuig Cúlchiste Forbartha Caipitil		2,429	(2,429)	
Iarmhéid amhail 31 Lúnasa 2019	68,148	4,949	2,292	75,389

Is cuid de na ráitis airgeadais iad Nótaí 1 – 26.

Sínte thar ceann an Bhoird Rialaithe:*Fintan Moloney**4 Nollaig 2020***Cathaoirleach, Fintan Moloney Uas.****Dáta***Paul Hannigan**4 Nollaig 2020***Uachtarán, Paul Hannigan****Dáta**

Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn
Ráiteas ar Staid an Airgeadais
Bliain dar críoch 31 Lúnasa 2019

	Nóta	31/08/19 €000's	31/08/18 €000's
Sócmhainní Neamh-Reatha			
Sócmhainní Seasta	13	68,162	69,523
		68,162	69,523
Sócmhainní Reatha			
Infháltais	14	1,904	2,220
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid	15	11,609	7,853
		13,513	10,073
Lúide Iníocthaí; Suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain	16	(6,286)	(5,240)
Glansócmhainní Reatha		7,227	4,833
Sochair Scoir			
Oibleagáidí um Shochair Scoir	25	(194,340)	(143,304)
Maoiniú um Shochair Scoir Iarchurtha - Sócmhainn	25	194,340	143,304
Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha		75,389	74,356
Glansócmhainní Iomlána		75,389	74,356
Arna léiriú ag:			
Deontais Chaipitil Stáit Iarchurtha	18	68,148	69,510
Cúlchiste Forbartha Caipitil	19	4,949	2,554
Cúlchiste Ioncaim & Caiteachais		2,292	2,292
Iomlán		75,389	74,356

Is cuid de na ráitis airgeadais iad Nótaí 1 – 26.

Sínte thar ceann an Bhoird Rialaithe:

Fintan Moloney

4 Nollaig 2020

Cathaoirleach, Fintan Moloney Uas.

Dáta

Paul Hannigan

4 Nollaig 2020

Uachtarán, Paul Hannigan

Dáta

**lyit****Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**
Letterkenny Institute of Technology**Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**
Ráiteas um Shreabhadh Airgid
Bliain dar críoch 31 Lúnasa 2019

	Bliain dar críoch 31/08/19 €000's	Bliain dar críoch 31/08/18 €000's
Glanshreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibríochta		
Barrachas caiteachais thar ioncam	2,429	895
Dímheas ar shócmhainní seasta	2,142	2,167
Amúchadh Deontas Caipitil Stáit Iarchurtha (Méadú) / Laghdú infháltais	(2,138)	(2,163)
Méadú iníochtaí	316	(668)
	1,045	1,698
Glanshreabhadh Airgid Isteach ó Ghníomhaíochtaí Oibríochta	3,794	1,929
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		
Íocaíochtaí as Éadáil Sócmhainní Seasta	(873)	(478)
Glanshreabhadh Airgid Amach um Ghníomhaíochtaí Infheistíochta	(873)	(478)
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe		
Deontais Stáit Athfhillteacha caite ar Shócmhainní Seasta	678	443
Maoiníú eile caite ar Shócmhainní Seasta	156	29
Glanshreabhadh Airgid Isteach ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe	834	472
Glanmhéadú Airgid Tirim agus Coibhéise Airgid sa bhliain	3,755	1,923
Airgead Tirim & Coibhéis Airgid amhail 1 Meán Fómhair	7,853	5,930
Airgid Tirim agus Coibhéis Airgid amhail 31 Lúnasa	11,608	7,853

Is cuid de na ráitis airgeadais iad Nótaí 1 – 26.

Sínithe thar ceann an Bhoird Rialaithe:*Fintan Moloney**4 Nollaig 2020***Cathaoirleach, Fintan Moloney Uas.****Dáta***Paul Hannigan**4 Nollaig 2020***Uachtarán, Paul Hannigan****Dáta**



lyit

Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn
Letterkenny Institute of Technology

Letterkenny Institute of Technology

Notes to the financial statements – (continued)

For the year ended 31 August 2018

Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais

Don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2019

1. Polasaithe suntasacha cuntasáíochta

Tá coimriú thíos ar na polasaithe cuntasáíochta a mheastar ábhartha maidir leis na ráitis airgeadais. Feidhmíodh iad san ar fad go comhsheasmhach i gcaitheamh na bliana agus don bhliain roimhe sin.

a. Faisnéis ghinearálta agus ráiteas comhlíontachta

Is é príomhchuspóir na hInstitiúide ná oideachas tríúleibhéal a sholáthar.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, agus de réir an Chaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchadh 102 (FRS 102) arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais, agus fógartha um a úsáid in Éirinn ag *Chartered Accountants Ireland* agus mar a éilíonn an tÚdarás um Ard-Oideachas.

Meastar an Euro mar airgeadra feidhmiúil na ráiteas airgeadais FRS 102 le haghaidh Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn oir is é sin an t-airgeadra sa phríomhthimpeallacht eacnamaíoch ina n-oibríonn an Institiúid.

b. Gnóthas leantach

Bhí easnaimh oibríochta ag Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn i ngach ceann de na sé bliana ag tosú leis an mbliain dar críoch 31 Lúnasa 2011 anuas chuig an bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2016. Ach bhí barrachas ag an Institiúid do na blianta dar críoch 31 Lúnasa 2017 agus 31 Lúnasa 2018, go príomha mar gheall ar mhaoiniú breise a fuarthas ón Údarás um Ard-Oideachas agus méadú ar líon na mac léinn. I bhfianaise an bharrachais ins na blianta dar críoch 31 Lúnasa 2017 go 31 Lúnasa 2019, aisghabháil mhaoinithe um mionoibreacha caipitil le blianta beaga anuas, agus maoiniú breise dóchúil amach anseo, tá an Bord Rialaithe sásta go bhfuil acmhainní lerodhóthaineacha ag an Institiúid chun a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh go ceann i bhfad.

Mar sin leantar le bonn cuntasáíochta an ghnóthais leantaigh a chleachtadh maidir leis na ráitis bhliantúla airgeadais a ullmhú. Chruthaigh an ghéarchéim Covid-19 crisis mórdhúshláin ghnó do na hInstitiúidí tríúleibhéal ar fad. I gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Údarás um Ard-Oideachas agus na heagrais tríúleibhéal ar fad, tá an Institiúid ag measúnú na n-iarmhairtí leanúnacha agus dóchúla ar fad a éiríonn uaidh seo agus tugtar tuairiscí rialta chuig an Bord Rialaithe. Bhreathnaigh an Bord Rialaithe ráitis ón Udarás um Ard-Oideachas, ó Airí agus ó Ionadaithe eile Rialtais agus táthar sásta go bhfuil maoiniú leordhóthaineach ar fáil don Institiúid um a dliteanais a fhreagairt de réir mar a thiteann siad agus um leanúint ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Dá réir sin, ní chuimsíonn na ráitis airgeadais seo aon choigeartaithe ar na suimeanna glanluacha ná ar rangú sócmhainní agus dliteanais a fhéadfadh a éirí sa chás nach raibh an Institiúid ábalta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.



lyit

Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn
Letterkenny Institute of Technology

Letterkenny Institute of Technology

Notes to the financial statements – (continued)

For the year ended 31 August 2018

Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais

Don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2019

1. Polasaithe suntasacha cuntasaíochta (ar leanúint)

c. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

(i) Talamh agus foirgnimh

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ar chostas nó ar luacháil, glan ó dhímheas agus soláthar ar bith um laige. Déantar soláthar um dhímheas ar na sócmhainní seasta inláimhsithe uile, seachas talamh ruilse, de réir rátaí atá ceaptha chun an costas nó an luacháil gach sócmhainne, lúide an luach measta iarmharach, a dhíscríobh de réir méid cothrom thar a saol úsáideach tuartha, mar seo a leanas:

Foirgnimh ruilse	50 bliain
Talamh & Foirgnimh ar Léas	Thar téarma an léasa

Is ionann an luach iarmharach agus an suim mheasta a bheadh le fáil faoi láthair as sócmhainn a dhiúscairt, lúide costais mheasta diúscairthe, sa chás go raibh an sócmhainn cheana féin ar an aois agus sa riocht a bheadh súil leis ag deireadh a saoil úsáidí.

(ii) Trealamh

Ón 1 Meán Fómhair 2009, díscríobhtar trealamh a chosnaíonn níos lú ná €3,000 an aonaid chuig an cuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain ina cheannaítear é. Sa chás go bhfuil na haonaid aonair faoi bhun na teorann caipitlithe (€3,000) agaus go bhfuil an sonrasc iomlán ceannaigh os cionn na teorann, déantar na haonaid seo a chaipitliú ar an ngnáthbhealach. Déantar gach trealamh eile a chaipitliú ar chostas. Dímheastar trealamh caipitlithe thar a shaol úsáideach eacnamaíoch mar seo a leanas:

Daingneáin agus Feistis (foirgnimh réamhdhéanta san áireamh)	10 mbliana
Trealamh ríomhaire	3 bliana
Gléasra & Inneallra	10 mbliana
Trealamh	5 bliana
Mótarfeithicilí	5 bliana

Sa chás go maoinítear trealamh ó Dheontais agus Conarthaí Taighde, dímheastar é thar saol na sócmhainní de réir an pholasáí maidir le Sócmhainní Seasta eile.

d. Stoic

Cuirtear caiteachas ar leabhair agus stoic inúsáidte de mhuirear ar an Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach de réir mar a chaitear é.

e. Cánachas

Mar charthanas díolmhaithe, níl an Institiúid faoi dhliteanas um cháin chorporáide ná cáin ioncaim ar a cuid gníomhaíochtaí carthanais. Tá an Institiúid cláraithe um cháin bhreisluacha, ach os gníomhaíocht dhíolmhaithe soláthar oideachais ní féidir cáin ionchuir a aiséileamh ar mhórán na gceannaíochta. Tá gníomhaíochtaí áirithe taighde agus tráchtála san Institiúid faoi réir ag CBL; íocann an Institiúid aon cháin ionchuir nó aschuir maidir leis na gníomhaíochtaí seo chuig na Coimisinéirí Ioncaim.



Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn
Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais
Don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2019

1. Polasaithe suntasacha cuntasáíochta (ar leanúint)

f. Aitheantas Ioncaim

Deontais Stáit

Aithnítear deontais Stáit Athfhillteacha ón Údarás um Ard-Oideachas agus ó chomhlachtaí eile Stáit sa thréimhse ina bhfuil siad infhaighte. Aithnítear deontais Stáit Neamh-athfhillteacha ón Údarás um Ard-Oideachas agus ó chomhlachtaí eile Stáit, maidir le ceannach nó tógáil Sócmhainní Seasta, mar Dheontais Chaipitil Stáit Iarchurtha agus amúchtar iad de réir an dímheasa thar saol na sócmhainní.

Ioncam ó Tháillí

Tugtar ioncam ó tháillí i gcuntas ar bhonn fabhráithe.

Deontais agus conarthaí Taighde

Cuirtear ioncam ó dheontais agus conarthaí taighde i gcomheas le caiteachas agus cuimsítear é in ioncam na bliana ina ndéantar an caiteachas bainteach. Is iad seo na cineálacha idirbhearta is coitianta dá leithéid:

(i) Tabhartais gan srianadh ar bith

Cuimsítear faoi thabhartais gan srianadh ar bith suimeanna a deonadh don Institiúid, trí airgead tirim nó sócmhainn, gan srianadh ar bith maidir lena n-úsáid. Taifeadtar tabhartais dá leithéid san Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach ar mhealladh an ioncaim.

(ii) Tabhartais faoi shrianta

Taifeadtar tabhartais faoi shrianta san Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach ar mhealladh an ioncaim. Coimeádtar an t-ioncam faoi shrianta a fuarthas i gcúlchiste srianta go dtéitear faoin gcaiteachas de réir na srianta.

(iii) Deontais taighde ó fhoinsí neamhrialtais

Aithnítear ioncam deontais ó fhoinsí neamhrialtais san Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach tráth go gcomhlíontar na coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht. Sa chás go bhfuil srianadh um úsáid ach nach bhfuil aon srianadh a bhaineann le feidhmíocht, taifeadtar an t-ioncam san Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach tráth mheallta an ioncaim. Coimeádtar deontais faoi choinníollacha a bhaineann le feidhmíocht nach bhfuil comhlíonta mar ioncam iarchurtha go gcomhlíontar na coinníollacha, agus ansin taifeadtar an t-ioncam san Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach. Taifeadtar deontais faoi shrianta san Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach ar mhealladh an ioncaim agus dá éis sin coimeádtar iad i gcúlchiste srianta go dtéitear faoin gcaiteachas de réir na srianta.

Ioncam eile ó fhoinsí neamh-Stáit a úsáideadh chun críche caipitil

Aithnítear ioncam ó fhoinsí neamh-Stáit a úsáideadh chun críche caipitil san Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach tráth go gcomhlíontar na coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht. Sa chás go bhfuil srianadh um úsáid ach nach bhfuil aon srianadh a bhaineann le feidhmíocht, taifeadtar an t-ioncam san Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach tráth mheallta an ioncaim.

Coimeádtar ioncam ó fhoinsí neamhrialtais a úsáideadh chun críche caipitil faoi choinníollacha a bhaineann le feidhmíocht nach bhfuil comhlíonta mar ioncam iarchurtha go gcomhlíontar na coinníollacha, agus ansin taifeadtar an t-ioncam san Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach.



Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn
Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais
Don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2019

1. Polasaithe Suntasacha Cuntasaíochta (ar leanúint)

Taifeadtar ioncam ó fhoinsí neamhrialtais a úsáideadh chun críche caipitil faoi shrianta san Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach ar mhealladh an ioncaim agus dá éis sin coimeádtar iad i gcúlchiste srianta go dtéitear faoin gcaiteachas de réir na srianta.

Mionoibreacha Caipitil

Thug an tAire Oideachais agus Scileanna scéim isteach chun freagracht um Oibreacha Samhraidh agus Oibreacha eile Caipitil a chineach ar an Institiúid.

I ngach cás aithnítear maoiniú um Mionoibreacha Caipitil sa thréimhse ina fhaightear é.

Ioncam ó thaiscí gearrthearma

Tugtar ioncam ó thaiscí gearrthearma chun sochair san Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach sa thréimhse ina thuilltear é .

g. Sochair fostaithe

(i) Sochair Scoir

I gcás foirne a earcaíodh roimh 1 Eanáir 2013, bronntar teidlíochtaí pinsin faoi scéim pinsin le sochair sainithe a bunaíodh faoi Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais 2015. Oibrítear an scéim ar bhonn ‘íoc-mar-a-úsáidtear’ agus coimeádann an Institiúid asbhaintí aoisliúntais mar chuid chomhaontaithe dá maoiniú.

Ina theannta sin, oibríonn an Institiúid Scéim Aonair Pinsin na Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair"); is é seo an scéim le sochair sainithe le haghaidh seirbhísigh poiblí inphinsin a ceapadh ar nó i ndiaidh 1 Eanáir 2013 de réir an Achta um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Íocann an Institiúid ranníocaíochtaí ó bhaill den Scéim Aonair chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA).

Léiríonn na costais phinsin a chuirtear de mhúirear ar chaiteachas sa bhliain na sochair a thuilleann fostaithe reatha le linn na bliana; taispeántar iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne (i) maidir le Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais 2015, a choimeádann an Institiúid agus (ii) maidir leis an Scéim Aonair, a íoctar chuig RCPA. Aithnítear mar ioncam suim is ionann agus an costas pinsin chomh fada agus atá sé in-aisghabhála.

Léirítear gnóthachain agus cailleanais actúireacha san Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach san suim atá inghnóthaithe ag an Institiúid ón Údarás um Ard-Oideachas.

Léiríonn na ráitis airgeadais, ar luach cóir, na sócmhainní agus dliteanais a éiríonn ó oibleagáidí pinsin na hInstitiúide maidir leis an bhfoireann reatha amháin agus maoiniú gaolmhar ar bith. Aithnítear na costais a bhaineann le sochair pinsin a sholáthar ins na tréimhsí cuntasaíochta ina bhfuil siad tuillte ag fostaithe. Ní chuimsítear dliteanais pinsin maidir le hiarfhostaithe a bhfuil pinsin á fháil acu. Tomhaistear dliteanais maidir le scéim sochair scoir ar bhonn actúireach agus feidhm á baint as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa.



Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn
Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais
Don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2019

1. Polasaithe Suntasacha Cuntasaíochta (ar leanúint)

(ii) Sochair ghearrthearma

Aithnítear sochair ghearrthearma mar phá saoire mar chostas sa bhliain, agus cuimsítear sochair atá fabhráithe um chríoch na bliana in iomlán na nIníochtaí san Ráiteas ar Staid an Airgeadais. Níl fabhrú um phá saoire maidir le foireann Acadúil um chríoch na bliana mar gheall ar chineál a gconarthaí.

h. Airgeadra iasachta

Taifeadtar idirbhearta in airgeadra iasachta de réir an ráta malairte ar dháta an idirbhirt. I gcás sócmhainní agus dlíteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadra iasachta ar dháta an Ráitis ar Staid an Airgeadais, tuairiscítear iad de réir na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar an dáta sin.

i. Léasanna

Cuirtear cíosanna faoi léasanna oibríochta de mhúirear ar an Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach sa thréimhse ina thabhaítear an caiteachas.

j. Deontais Chaipitil Stáit Iarchurtha

Is ionann deontais chaipitil Stáit iarchurtha agus luach neamh-amúchta na gcistí carntha cionroinnte um shócmhainní seasta.

k. Cúlchiste Forbartha Caipitil

Is ionann an cúlchiste forbartha caipitil agus cistí curtha i leataobh ag an Institiúid chun críche ar leith forbartha caipitil. Éiríonn cistí dá leithéid ó ranníocaíochtaí Mac Léinn, tabhartais chaipitil neamh-Stáit, táillí saoraidí baincéireachta agus aistriúcháin ó Chúlchistí Ioncaim (faofa roimhré ag an Údarás um Ard-Oideachas), maraon leis an ús tuillte ar na suimeanna sin. Coimeádfar maoiniú dá leithéid sa Chuntas Cúlchiste Forbartha Caipitil, ar an geoinníoll go bhfuil na tionscadail sainithe um a bhfuil siad tiomanta de réir Phlean Forbartha Caipitil na hInstitiúide, faofa ag an Bord Rialaithe, de réir amlíne agus le meastachán costas.

2. Breithiúnais chriticiúla cuntasaíochta agus príomhfhoinsí um éiginnteacht meastacháin

I bhfeidhmiú polasaithe cuntasaíochta na hInstitiúide, a bhfuil cur síos orthu i nóta 1, éilítear ar an mBord Rialaithe breithiúnais, meastacháin agus foshuíomhanna a dhéanamh maidir le suimeanna iompair sócmhainní agus dlíteanais nach bhfuil sofheicthe ó fhoinsí eile. Tá na meastacháin agus na foshuíomhanna a bhaineann leo bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar chúinsí eile a mheastar ábhartha. Féadfaidh na fíorthorthaí a bheith difriúil ó na meastacháin.

Athbhreithnítear na meastacháin agus na foshuíomhanna is bunús leo ar bhonn leanúnach. Aithnítear athchóirithe ar mheastacháin cuntasaíochta sa thréimhse ina ndéantar athchóiriú sa chás go mbaineann athchóiriú leis an dtréimhse sin amháin, nó sa thréimhse ina ndéantar athchóiriú agus ins na tréimhsí amach ansin sa chás go mbaineann athchóiriú leis an dtréimhse reatha agus tréimhsí amach ansin.



**Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn
Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais
Don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2019**

Breithiúnais chriticiúla i bhfeidhmiú polasaithe cuntasáochta na hInstitiúide

Is iad seo a leanas na breithiúnais chriticiúla, seachas iad sin lena mbaineann meastacháin (a phléitear leo ar leith thíos), atá déanta ag an mBord Rialaithe le linn próiseas feidhmithe polasaithe cuntasáochta na hInstitiúide agus ag a bhfuil an tionchar is suntasaí ar na suimeanna atá aitheanta ins na ráitis airgeadais.

Tá sé cinnte ag an mBord Rialaithe go bhfuil bonn an ghnóthais leantaigh fós oiriúnach mar atá leagtha amach i nóta 1b a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

Príomhfhoinsí um éiginnteacht meastacháin:

Fabhrú phá saoire

Meastar an fabhrú phá saoire de réir na laethanta saoire nár glacadh leo ag críoch na bliana. Ní éilítear fabhrú ag críoch na bliana ar an bhfoireann acadúil mar gheall ar chineál a gconarthaí. Níl gá le coigeartú idirthréimhseach maidir le pá saoire, sa chás gur lú an fabhrú ag 31 Lúnasa ná 5% den chostas pá agus tuarastail don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2016.

Soláthar um Dhrochfhiacha

Tá an soláthar um dhrochfhiacha bunaithe ar rátaí stairiúla bailiúcháin, go háirithe maidir le táillí teagaisc agus ranníocaíochtaí mac léinn infhaighte.

Oibleagáid um Shochar Scoir

Maidir leis na foshuíomhanna is bunús leis na luachálacha actúireacha um a gcinntear na suimeanna atá aitheanta ins na ráitis airgeadais (ar a n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe cúitimh amach anseo, rátaí báis agus treochtrátaí um chúram sláinte), déantar uasdhátú bliantúil bunaithe ar chúinsí reatha eacnamaíocha, agus ar aon athruithe bainteacha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Féadfaidh na cúinsí seo a leanas tionchar a imirt ar na foshuíomhanna:

- (i) An ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corporáideacha ardchaighdeán
- (ii) Leibhéal chúitimh feasta, cúinsí an mhargaidh saothair feasta

**Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**
Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais
Don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2019**3. Deontais Stáit**

	Cionroinnte um Chaiteachas Athfhillteach	Cionroinnte Um Chaiteachas Caipitil	2019 Iomlán €000's	2018 Iomlán €000's
Deontas Stáit um Chaiteachas Athfhillteach - UAO	15,144	678	15,822	14,980
Deontas Stáit um Chaiteachas Athfhillteach - UAO (Altranas)	750		750	672
Deontas Stáit um Chaiteachas Caipitil – Roinn Oideachas & Scileanna				
Deontas Stáit um Mionoibreacha Caipitil	590		590	590
Iomlán 2019	16,484	678	17,162	16,242
Iomlán 2018	15,799	443	-	16,242

4. Táillí Teagaise agus Ranníocaíochtaí Mac Léinn

	2019 Mic Léinn	2019 Stát mhaoi nithe	2019 Neamh-Státmhaoi nithe	2019 Iomlán €000's	2018 Mic Léinn	2018 Stát mhaoi nithe	2018 Neamh-Státmhaoi nithe	2018 Iomlán €000's
	CLA			€000's	CLA			€000's
Táillí Íoctha ag an Stát	2,498	2,336		2,336	2,599	2,233		2,233
Táillí Neamh-AE	138		1,057	1,057	72		355	355
Táillí Íoctha ag Mic Léinn nó ar a son	481		238	238	606		472	472
Foghlaim Fadsaol agus táillí eile	404		564	564	405		355	355
Ranníocaíochtaí Mac Léinn		5,378	2,436	7,814		5,764	2,587	8,351
Líon Mac Léinn / Glanioncam ó Tháillí	3,521	7,714	4,295	12,009	3,682	7,997	3,769	11,766

Íoc an tÚdarás um Ard-Oideachas táillí teagaise €2,048,089 sa bhliain (2018: €1,895,748) maidir le cúrsaí Céime lánaimseartha agus €288,250 (2018: €336,875) maidir le cúrsaí Ard-Teastais agus Gnáthchéime; tá na costais iomlána maoinithe i bpáirt ag Ciste Sóisialta na hEorpa.

Tugtar líon na mac léinn mar choibhéisi lánaimseartha bunaithe ar chreidiúnaithe cláraithe.

**Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**
Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais
Don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2019**5. Deontais agus Conarthaí Taighde**

	2019	2018
	Iomlán	Iomlán
	€000's	€000's
Ioncam		
Stáit & fo-Stáit	1,689	1,380
Aontas Eorpach	853	487
Tionscal	26	33
Eile	31	19
Lúide: Ioncam ó Dheontais agus Conarthaí Taighde cionroinnte ar chaipítíl	(37)	(6)
Glanioncam	2,562	1,913
Caiteachas		
Costais Phá	1,080	867
Costais Neamh-Phá	1,482	1,046
Glantoradh	2,562	1,913
	-	-

6. Anailís ar Ioncam ón Stát

Ainm an Deontóra	Iarchur Tosaigh	Deontas Faighte	Iarchur Deiridh	I&C 2019
	01/09/18		31/08/19	
Nóta 3 – Deontas Stáit				
UAO	(1,094)	16,311	605	15,822
UAO - Altranas	-	750	-	750
Cionroinnte um Chaiteachas Caipítíl	-	(678)	-	(678)
Deontas Stáit um Mionoibreacha Caipítíl Cionroinnte um Chaiteachas Athfhillteach	-	590	-	590
Iomlán – Ioncam Stáit	(1,094)	16,973	605	16,484
Nóta 4 – Táillí Teagaisc & Ranníocaíochtaí Mac Léinn				
UAO	-	2,336	-	2,336
Fáilte Ireland	-	33	-	33
SUSI	-	5,345	-	5,345
Iomlán – Ioncam Stáit	-	7,714	-	7,714
Nóta 5 – Taighde & Conarthaí				
Fiontraíocht Éireann	100	319	(131)	288
UAO	582	533	(315)	800
FSS	31	-	(30)	1
An Roinn Oideachais & Scileanna	(59)	660	(52)	549
Bord Iascaigh Mhara	3	26	(6)	23
Roinn Talamhaíochta, Bia & Mara	-	42	(18)	24
Eile	3	13	(12)	4
Iomlán – Ioncam Stáit	660	1,593	(564)	1,689

**Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**
Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais
Don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2019**7. Maoiniú um Thacú Mac Léinn**

	2019	2019	2019	2018
	Míchumais	Cúnamh	Iomlán	Iomlán
	€000's	Mac Léinn	€000's	€000's
		€000's		
Iarmhéid amhail 1 Meán Fómhair	-	-	-	98
Fáltais				
Údarás um Ard-Oideachas	490	203	693	454
Eile				
Lúide: Fáltais chionroinnte um chaipitil	(37)	-	(37)	(29)
Glanfháltais	453	203	656	425
Suimeanna Feidhmithe				
Costais Phá	109	-	109	143
Costais Neamh-Phá	179	203	382	380
Caiteachas Iomlán	288	203	491	523
Iarmhéid amhail 31 Lúnasa	165	-	165	-

Maoiniú á sholáthar ag an Údarás um Ard-Oideachas faoin bPlean Forbartha Náisiúnta agus maoinithe i bpáirt ag an gCiste Sóisialta Eorpach.

8. Ioncam Eile

	2019	2018
	Iomlán	Iomlán
	€000's	€000's
Asbhaintí Aoisliúntais coimeádta	1,223	1,255
Cíosanna um Shaoráidí	115	114
Forchostas Láir Thaighde	305	246
Fáltais ó Shócmhainní Seasta a Dhiúscairt	-	5
Ioncam Tionscadail	900	-
Ioncam Eile ó Chúrsaí	820	276
Ioncam Ilchineálach	369	312
Glantordh	3,732	2,208

**Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**
Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais
Don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2019**9. Costais Foirne**

Is é an meánlion fostaithe (postshealbhóirí sinsearacha san áireamh) ag an Institiúid i gcaitheamh na bliana, léirithe mar choibhéis lánaimseartha, ná:

	2019	2018
	Lion fostaithe	Lion fostaithe
Teagaise & Taighde	220	211
Teicniúil	55	53
Rarachán & Seirbhísí Láir	114	110
	389	374
	2019	2018
	€'000	€'000
Tuarastail	23,594	22,717
ÁSPC Fostóra	2,050	1,874
Líúntais & Breisama	82	76
Pá & Tuarastail	25,726	24,667

Cúiteamh um príomh-bhainisteoirí

Ba é an luach saothair iomlán um príomh-bhainisteoirí don bhliain 2019 ná €172,727 (2018: €162,884). Is iad príomh-bhainisteoirí na hInstitiúide ná an tUachtarán agus an Bord Rialaithe. Ba é luach saothair an Uachtaráin a íocadh sa bhliain ná €152,748 (2018: €147,449). Tá an tUachtarán agus baill bhainteacha an Bhoird Rialaithe ina mbaill de Scéim Aoislúntais na hEarnála Oideachais agus teidlíochtaí pinsin acu nach bhfuil ag sárú téarmaí scéime samhalta pinsin na seirbhíse poiblí.

	Líon (CLE)		Íocaíochtaí Táilli/Tuarastail		Sochair Eile	
	2019	2018	2019 €'000	2018 €'000	2019 €'000	2018 €'000
Comhaltaí an Bhoird Rialaithe	N/A	N/A	6	5	-	-
Uachtarán	1	1	152	147	-	-
Bord Feidhmiúcháin	7	7	745	731	-	-
	8	8	903	883	-	-

Ba as páirt a ghlacadh ar Phainéal Agallaimh a íocadh táilli chuig comhaltaí an Bhoird Rialaithe.

Foireann ar Ard-Íocaíocht

Ghlac an Institiúid le luach tosaigh €60,000 chun foireann ar ard-íocaíocht a léiriú. Tá an luach saothair foirne, de réir bandaí pá €10,000, agus €60,000 mar luach tosaigh, mar seo a leanas:

Luach Saothair Iomlán €	Bliain dar críoch 31 Lúnasa 2019	Bliain dar críoch 31 Lúnasa 2018
60,000 - 70,000	33	34
70,001 - 80,000	20	35
80,001 - 90,000	47	75
90,001 - 100,000	62	15
100,001 - 110,000	19	8
110,001 - 120,000	5	3
120,001 - 130,000	2	-
130,001 - 140,000	1	-
140,001 - 150,000	-	1
€150,001 +	1	1
Iomlán	190	172

**Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**
Nóta a ghabhann leis na ráitis airgeadais
Don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2019

Ba é iomlán na ranníocaíochtaí pinsin fostóra sa bhliain ná €216,083 (2018: €173,400). Rinne an Institiúid scaoilíocaíochtaí dar luach comhiomlán níos mó ná €10,000 do bheirt ball foirne le linn na bliana dar críoch 31 August 2019. Ba é iomlán na scaoilíocaíochtaí seo ná €30,831. Ní raibh aon scaoilíocaíochtaí níos mó ná €10,000 sa bhliain dar críoch 31 August 2018.

Sa bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2018 rinneadh íocaíochtaí siarghabhálacha iomlána €377,000 do chúigear pinsinéir. D'éirigh na híocaíochtaí seo as ceist stairiúil agus aimsíodh iad tar éis athbhreithniú inmheánach a dhéanamh. Rinneadh soláthar iomlán maidir leis na dliteanais seo ins na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2018. Tá an Institiúid sásta nach bhfuil a thuilleadh cásanna den chineál seo

10. Gníomhaíochtaí eile a ghineann ioncam

	2019	2018
	€000's	€000's
Ioncam		
CoLab	335	299
An Danlann – Ionad Mac Léinn	236	221
Lúide – cionroinnte um chaipitil	(7)	-
Ioncam iomlán	564	520
Caiteachas		
Costais Phá	297	273
Costais Neamh-Phá	208	229
Dímheas	5	2
	510	504
Glantordh	54	16

11. Costais Eile Oibríochta

	2019	2019	2019	2019	2018
	Costais	Dímheas	Costais Eile	Iomlán	Iomlán
	Phá	€000's	Oibríochta	€000's	€000's
	€000's	€000's	€000's	€000's	€000's
Deontais & Conarthaí Taighde	1,080	51	1,481	2,612	1,963
Ranna Acadúla	19,149	422	1,629	21,200	20,485
Seirbhísí Acadúla	567	1	183	751	722
Saoráidí	499	1,619	1,167	3,285	3,794
Riarachán Láir	3,370	37	1,214	4,621	4,245
Oideachas Ginearálta	458	1	856	1,315	763
Gníomhaíochtaí Eile a Ghineann Ioncam	297	5	208	510	504
Maoiniú um Thacú Mac Léinn	109	-	382	491	526
Seirbhísí Mac Léinn	197	6	728	931	897
Caiteachas Iomlán	25,726	2,142	7,848	35,716	33,899
Iomlán 2018	24,667	2,167	7,065	-	33,899

**Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**
Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais
Don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2019**11. Costais Eile Oibríochta (ar leanúint)**

	2019	2018
	€000's	€000's
Ábhair agus Tomhaltáin Eile	872	696
Soilsiú, Téamh agus Cumhacht	399	403
Costais Deisithe agus Cothabhála	703	852
Ábhar clóite, leabhair agus tréimhseacháin	197	169
Taisteal agus Maireachtáil	509	427
Fáilteachas	98	79
Priontáil, Stáiseanóireacht, Postas agus costais eile Oifige	184	184
Cíos, Rátaí agus Árachas	290	240
Earcaíocht, oiliúint, etc.	541	510
Luach saothair Iniúchóirí as Seirbhísí Iniúchta	55	53
Costais chomhairleoireachta	269	299
Ceannach trealaimh (neamh-chaipitlithe)	178	163
Cothabháil Bogearraí agus Ceadúnais Ríomhairí	405	291
Slándáil agus Cothabháil Tailte	106	121
Seirbhís Leighis	73	75
Cumarsáid	40	47
Fógraíocht agus Margaíocht	322	258
Seirbhís Bainistíochta Institiúide	51	63
Díúscairt Dramhaíola	20	25
Sláinte agus Sábháilteacht	24	32
Maoiniú um Thacú Mac Léinn	371	383
Táillí Cláraithe Mac Léinn	655	636
Forbairt agus bailíocht chúrsaí	71	35
Drochfhiacha	(56)	40
Aistrithe Tionscadail	860	54
Íocaíochtaí Conraitheora	23	510
Costais Eile	588	420
Iomlán – Costais Eile Oibríochta	7,848	7,065

Cuimsíonn caiteachais fáilteachais costais a bhaineann le cuairteoirí seachtracha, sólaistí le linn chruinnithe, etc.

**Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**
Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais
Don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2019

11.b Cuimsíonn Costais Eile Oibríochta:	2019	2018
	€000's	€000's
<u>Luach Saothair Iniúcháirí:</u>		
Iniúchadh Seachtrach na hInstitiúide	30	28
Seirbhísí um Iniúchadh Inmheánach (á soláthar ag zú pháirtí)	24	24
Seirbhísí Eile Iniúchta	1	1
	55	53
<u>Costais Chomhaileoireachta:</u>		
Dlíthiúil	32	22
Comhairle Cánach & Airgeadais	3	8
Caidrimh Phoiblí / Margaíocht	11	22
Pinsin & Daonacmhainní	11	29
Eile	212	218
	269	299
<u>Taisteal:</u>		
Intíre:	337	291
Idirnáisiúnta:	172	136
	509	427

12. Cánachas

Tá Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn díolmhaithe ó Cháin Chorporáide faoi ordú um stádas carthanach.

13. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

	Talamh & Foirgnimh €'000	Sócmhainní faoi thógáil €'000	Daingneáin & Feistias €'000	Trealamh Ríomhaireachta €'000	Gléasra & Inneallra €'000	Trealamh €'000	Mótarfheithiclí €'000	Iomlán €'000
Costas								
Amhail 1 Meán Fómhair 2018	94,438	-	506	12,405	550	9,937	40	117,876
Breiseanna sa bhliain	258	40	46	308	15	206	-	873
Sócmhainní faoi thógáil								0
Diúscairtí sa bhliain	-	-	(3)	(283)	(454)	(74)	-	(814)
Amhail 31 Lúnasa 2019	94,696	40	549	12,430	111	10,069	40	117,935
Dímheas								
Amhail 1 Meán Fómhair 2018	25,797	-	257	12,116	388	9,755	40	48,353
Aistrithe								0
Muirear don bhliain	1,667	-	50	294	11	120	-	2,142
Díchurtha ar dhiúscairtí			(3)	(283)	(362)	(74)		(722)
Amhail 31 Lúnasa 2019	27,464	-	304	12,127	37	9,801	40	49,773
Glanluach de réir na leabhar								
Amhail 31 Lúnasa 2019	67,232	40	245	303	74	268	-	68,162
Amhail 1 Meán Fómhair 2018	68,641	-	249	289	162	182	-	69,523

**Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**
Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais
Don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2019

Sócmhainní Seasta Inláimhsithe (ar leanúint)

	Talamh & Foirgnimh	Sócmhainní faoi thógáil	Daingneáin & Feistear	Trealamh Ríomhaireachta	Gléasra & Inneallra	Trealamh	Motarfhéithiclé	Iomlán
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Costas								
Amhail 1 Meán Fómhair 2017	94,418	-	487	12,174	515	9,876	40	117,510
Breiseanna sa bhliain	20	-	19	299	35	105	-	478
Sócmhainní faoi Thógáil								
Diúscairtí sa bhliain	-	-	-	(68)		(44)	-	(112)
Amhail 31 Lúnasa 2018	94,438	-	506	12,405	550	9,937	40	117,876
Dímheas								
Amhail 1 Meán Fómhair 2017	24,135	-	206	11,905	333	9,679	40	46,298
Aistrithe								0
Muirear don bhliain	1,662	-	51	279	55	120	-	2,167
Díchurtha ar dhiúscairtí				(68)		(44)		(112)
Amhail 31 Lúnasa 2018	25,797	-	257	12,116	388	9,755	40	48,353
Ganluach de réir na leabhar Amhail 31 Lúnasa 2018	68,641	-	249	289	162	182	-	69,523
Amhail 1 Meán Fómhair 2017	70,283	-	281	269	182	197	-	71,212

14. Infháltais

	2019 €'000	2019 €'000	2018 €'000	2018 €'000
Deontas Stáit Athfhillteach Infhaighte		605		1,094
Deontas Caipitil Stáit Infhaighte		41		
Táillí Teagaisc agus eile infhaighte	371		526	
<i>Lúide Soláthar um Dhrochfhiacha</i>	(256)	115	(365)	161
Deontais agus conarthaí Taighde infhaighte		696		269
Gníomhaíochtaí Féinmhaoinithe		47		97
Réamhíocaíochtaí & Ioncam Fabhráithe		253		353
Infháltais eile	167		269	
<i>Lúide Soláthar um Dhrochfhiacha</i>	(20)	147	(23)	246
		1,904		2,220

**Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**
Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais
Don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2019**15. Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Tirim**

	2019	2018
	€'000	€'000
Airgead Tirim sa bhanc (iarmhéideanna ar thaisce gearrthearma san áireamh)	11,609	7,853
	11,609	7,853

16. Iníocthaí: suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin

	2019	2018
	€000's	€000's
Iníocthaí tráchtála	102	44
Deontais agus conarthaí taighde réamhfhaighte	569	330
Gníomhaíochtaí Féinmhaoinithe	271	657
Táillí Teagaisc réamhfhaighte	1,336	939
Ioncam Iarchurtha um Thacú Mac Léinn	166	-
Fabhruithe agus Ioncam Iarchurtha	3,001	2,240
Cáin agus slándáil sóisialta eile	701	853
Iníocthaí eile	140	177
Iomlán Creidiúnaithe	6,286	5,240

17. Ceangaltais faoi Léasanna Réadmhaoine

Um chríoch na bliana bhí ceangaltais ar an Institiúid faoi léasanna réadmhaoine ag dul in éag mar seo a leanas:

	2019	2018
	€000's	€000's
Laistigh de 1 Bhliain	24	40
Idir 2 & 5 Bliana	13	102
Os cionn 5 Bliana	-	-
Ceangaltais Iomlána	37	142

**Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**
Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais
Don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2019**18. Deontais Chaipitil Stáit Iarchurtha**

	2019	2018
	€000's	€000's
Amhail 1 Meán Fómhair		
Iarmhéis Tosaigh	69,510	71,201
Deontais Chaipitil Infhaighte		
Cionroinnte ó Dheontas Stáit Athfhillteach - UAO	678	443
Deontas Caipitil Stáit - UAO	75	-
Cionroinnte ó Dheontais & Conarthaí Taighde	37	-
Cionroinnte ó Mhaoiniú um Thacú Mac Léinn	37	29
Deontais Chaipitil/Maoiniú Eile	7	-
Cionroinnte ó Chúlchiste Forbartha Caipitil	34	-
Iomlán	868	472
Diúscairtí	(814)	(112)
Amúchta um Ioncam agus Caiteachas sa bhliain		
Amúchta de réir dímheasa	(2,138)	(2,163)
Iomlán	(2,138)	(2,163)
Diúscairtí	722	112
Amhail 31 Lúnasa		
Iarmhéis Deiridh	68,148	69,510

19. Cúlchiste Forbartha Caipitil

	2019	2018
	€000's	€000's
Iarmhéis Tosaigh	2,554	1,659
Cionroinnte um Thionscadail Chaipitil	(34)	-
Aistriú chuig Cúlchiste Forbartha Caipitil	2,429	895
Iarmhéis Deiridh	4,949	2,554

20. Ceangaltais Chaipitil

	2019	2018
	€000's	€000's
Faoi chonradh ach gan soláthar	414	106
	414	106



Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn
Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais
Don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2019

21. Páirtithe Gaolmhara

I ngnáthchúrsaí gnó féadfaidh an Institiúid conarthaí a dhéanamh le comhlachtaí ina bhfuil comhaltaí de Bhord Rialaithe na hInstitiúide fostaithe nó a bhfuil leas tairbhiúil acu iontu ar shlí eile. Tá cleachtais glactha ag an Institiúid de réir Chód Cleachtais Institiúidí Teicneolaíochta Éireann maidir le leasanna chomhaltaí an Bhoird a nochtadh agus chomhlíon an Institiúid na cleachtais sin i gcaitheamh na bliana.

22. Dlíteanais Teagmhasacha

Ní raibh dlíteanais teagmhasacha ar bith amhail 31 Lúnasa 2019 agus 31 Lúnasa 2018.

23. Imeachtaí i ndiaidh an Ráitis ar Staid an Airgeadais

Cruthaigh an ghéarchéim Covid-19 crisis mórdhúshláin ghnó do na hinstitiúidí tríúleibhéal ar fad. I gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Údarás um Ard-Oideachas agus na heagrais tríúleibhéal ar fad, tá an Institiúid ag measúnú na n-iarmhairtí leanúnacha agus dóchúla ar fad a éiríonn uaidh seo agus tugtar tuairiscí rialta chuig an Bord Rialaithe. Ní raibh aon imeachtaí suntasacha i ndiaidh dháta an Ráitis ar Staid an Airgeadais a fhéadfadh impleachtaí a bheith acu maidir leis na ráitis airgeadais seo.

24. Ollscoil Teicneolaíochta: Comhaontas Chonnacht Uladh

Trí chomhoibriú le chéile tuillfidh Institiúid Teicneolaíochta Ghailimh-Mhaigh Eo, Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn agus Institiúid Teicneolaíochta Shligigh na critéir a leagtar amach san Acht um Ollscoileanna Teicneolaíochta 2018 mar bhonn le hiarratas um ainmniú mar ollscoil teicneolaíochta (OT). Cuirfidh dul chun cinn dá leithéid le stádas eacnamaíoch agus sóisialta réigiúin an Iarthair/Iar-Thuaiscirt, agus cuirfidh sé go suntasach leis na cuspóirí a leagtar amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta agus Éire 2040 a chur i gcrích. Tá dul chun cinn suntasach déanta ag Comhaontas Chonnacht Uladh (Institiúid Teicneolaíochta Ghailimh-Mhaigh Eo, Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn agus Institiúid Teicneolaíochta Shligigh) maidir le critéir OT a chomhlíonadh, comhthionscadail a fhorbairt agus ullmhú um iarratas a dhéanamh. Is aidhm do CCU a bheith ábalta iarratas a dhéanamh um Ollscoil Teicneolaíochta roimh dheireadh 2020, faoi réir chritéir OT a chomhlíonadh.

Ba é costas iomlán measta an tionscadail go deireadh 2019 ná €13.2m; thug an UAO €5.9m den iomlán díreach trí ghléas maoinithe Landscape. Caitheadh an maoiniú seo chun críche aidhmeanna an tionscadail.

25. Costais um Shochair Scoir

(i) Foirniú

Tugtar oibleagáidí um shochar scoir i gcuntas den chéad uair ins na ráitis airgeadais 2016/2017. Tá an stádas tosaigh amhail 1 Meán Fómhair 2016 measta ag an actúire, bunaithe ar chúinsí an mhargaidh an tráth sin.

(ii) Cur síos ar na Scéimeanna

Scéim na hInstitiúide

Is é atá sa scéim pinsin ná scéim pinsin le sochar sainithe bunaithe ar thuarastal deiridh; sainítear sochair agus ranníocaíochtaí i bhfianaise “múnla” reatha rialachán um scéim pinsin na hearnála poiblí. Tugann an scéim pinsean (1/80ú in aghaidh gach bliain seirbhíse), aisce nó cnapshuim (3/80ú in aghaidh gach bliain seirbhíse) agus pinsin do chéile agus do leanaí. Is é 65ú breithlá an bhaill an Gnáth-Aois Scoir; tá teidlíocht ag baill réamh-2004 scor gan laghdú actúireach ó aois 60. De ghnáth, ardaítear pinsin faoi íocaíocht (agus



iarchurtha) i gcomhréir le boilsceití gearálta tuarastail ins an earnáil phoiblí. Coimeádann an Institiúid ha hasbhaintí ó bhail foirne.

Scéim Aonair

I gcás fostaithe a earcaíodh ag an Institiúid i ndiaidh 1 Eanáir 2013, is baill iad de Scéim Aonair Pinsin na Seirbhíse Poiblí de réir na nAchtanna um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Fóráilacha Eile) 2012. De réir an Achta íoctar asbhaintí ó phá fostaithe faoin Scéim Aonair chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar bhonn míosúil.

Is í an Scéim Aonair an scéim pinsin slí beatha le haghaidh iontrálaithe nua sa seirbhís phoiblí a earcaíodh ó 1 Eanáir 2013. Is scéim pinsin le sochair sainithe í; tá na sochair scoir bunaithe ar mheánthuarastal gairmréime. Gineann an scéim creidiúnaithe pinsin agus creidiúnaithe um chnapshuim scoir le haghaidh gach ball scéime. Fabhraíonn na creidiúnaithe airgid seo, dá gairmtear “suimeanna inthagartha” mar chéatadán phá ar bhonn leanúnach. Gach bliain go scor déantar athluacháil ar na suimeanna inthagartha a fhabhraítear i gcomhréir le méadaithe boilsceithe (Praghasinnéacs Tomhaltóirí). Is ionann an pinsean bliantúil a bhronntar tráth scoir agus iomlán cnuasta na suimeanna inthagartha pinsin ag an mball; is ionann an cnapshuim scoir a bhronntar agus iomlán na suimeanna inthagartha um chnapshuim scoir ag an mball.

Luacháil

Tá an luacháil a úsáideadh um nochtuithe FRS 102 bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán ag achtúire cáilithe neamhspleách, agus aird á tabhairt ar éilimh an FRS um dliteanas na scéime amhail 31 Lúnasa 2019 a mheasúnú. Ar dhul ar scor, íocann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte pinsin na mball ar son na Roinne Oideachais agus Scileanna, agus cuirtear na híocaíochtaí sin de mhúirear ar chuntas leithghabhála na Roinne sin. Mar sin, tá iarfhostaithe na hInstitiúide a bhfuil pinsean á fháil acu eisiata ón luacháil. Léirítear mar ghnóthachain eispéiris an laghdú dliteanas a éiríonn ó bhail a théann ar scor le linn na bliana agus aithnítear é sin ar leith ins an réiteach dliteanas. Is iad seo a leanas na foshuíomhanna príomha achtúireacha a úsáideadh chun comhpháirteanna an chostais sochair sainithe don bhliain dar críoch 31 August 2019 a ríomhadh:

	2019	2018
Ráta Lascaine	0.85%	2.00%
Ráta Boilsceithe	1.30%	1.85%
Arduithe Tuarastail	2.55%	3.10%
Arduithe Pinsin	2.05%	2.60%

Ligeann an bonn báis a glacadh le haghaidh feabhsuithe ar ionchas saoil le himeacht aimsire, ionas go mbrathann ionchas saoil um scor ar an mbliain ina mbaianeann ball an aois scoir amach (aois 65). Tá líon na mball sa Scéim agus líon na mbás ró-bheag um anailis chun meastacháin chiallmhara a fháil ar leibhéal bháis sainscéime amach anseo. Is iad na meánionchais saoil de réir na táblai báis a úsáideadh chun dliteanas phinsin a chinneadh ná:

	2019 Years	2018 Years
Fear in aois 65	21.7	21.5
Bean in aois 65	24.1	24.0

(iii) *Anailís ar chostais iomlána um shochar scoir a cuireadh de mhúirear ar an Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach*

	2019 €'000	2018 €'000
Costas reatha seirbhíse – ranníocaíochtaí fostaí san áireamh	7,878	7,520
Ús ar dhliteanas scéime um shochar scoir	2,945	3,074
Ranníocaíochtaí fostaí	(1,427)	(1,348)



9,396 9,246

(iv) *Gluaiseacht glanoibleagáidí um shochar scoir le linn na bliana airgeadais*

	2019	2018
	€'000	€'000
Glanoibleagáid um shochar scoir amhail 1 Meán Fómhair	143,304	139,217
Costais reatha seirbhíse	6,451	6,172
Ranníocaíochtaí fostaí	1,427	1,348
Costais Úis	2,945	3,074
(Gnóthacháin) / Cailteanais Éispéiris	16,265	(2,551)
Laghú ar dhliteanais phinsin ag éirí ó dhul ar scor sa thréimhse	(1,265)	(4,202)
Athruithe ar fhoshuíomhanna achtúireacha	25,213	246
	<hr/>	<hr/>
Glanoibleagáidí um shochar scoir amhail 31 Lúnasa	194,340	143,304
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>
Roinnte idir		
Scéim Aonair Pinsin na Seirbhíse Poiblí	2,746	1,872
Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais	191,594	141,432
	<hr/>	<hr/>
	194,340	143,304

Cuimsíonn cailteanais eispéiris sa bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2019 €17m maidir le méadaithe seirbhíse, a léiríodh ag éirí as seirbhís inaistrithe ó scéimeanna eile pinsin seirbhíse poiblí nár aithníodh roimhe sin.

(v) *Sócmhainn maoinithe iarchurtha um shochair scoir*

Tá an Institiúid forordaithe faoi I.R. Uimh. 581 2012 mar údarás ábharthach chun críche na scéime aonair. Is í tuairim na hInstitiúide (de réir Alt 44 den Acht 2012) go mbeadh dliteanas ar bith maidir leis an Scéim Aonair fritháirithe ag sócmhainn choibhéiseach maidir le maoiniú feasta stáit.

Aithníonn an Institiúid suimeanna dlite ón Stát um an dliteanas neamh-mhaoinithe iarchurtha le haghaidh sochair scoir maidir le Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais 2015 ar bhonn na sraithe foshuíomhanna a luaitear thuas agus roinnt imeachtaí roimhe seo. Áirítear orthu seo an bonn reachtúil le bunú na scéime um shochar scoir, agus an polasaí agus cleachtas reatha maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú, ar a n-áirítear ranníocaíochtaí ag fostaíthe agus próiseas na meastachán bliantúla. Níl fianaise ar bith ag an Institiúid nach leanfaidh an polasaí maoinithe seo ag freagairt do shuimeanna dá leithéid de réir an chleachtais reatha.

Bhí an glanmhaoiniú iarchurtha um shochair scoir a aithníodh sa Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach mar seo a leanas:

	2019	2018
	€'000	€'000
Maoiniú in-aisghabhála maidir le scor sa bhliain reatha	9,396	9,246
- Costais sochair		

B'ionann dliteanais mhaoinithe iarchurtha um shochar scoir amhail 31 Lúnasa 2019 ná €194,340,000 (2018: €143,304,000)

(vi) *Stair oibleagáidí um shochair shainithe*

	2019	2018
	€'000	€'000
Oibleagáidí um shochar sainithe	194,340	143,304

26. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

Rinne an Bord Rialaithe na ráitis airgeadais a fhaomhadh ar 22 Meán Fómhair 2020.